Broic agus Sionnaiġ

Ailbe Ó Monaċáin

Ḃí scéilín deas ins an tuairisc ó Ċárna a r na mallaiḃ. Is amlaí go raḃ scaifte gasúr ag tóraiḋeaċt sionnaċ agus ṫáiniġ siad ar ċeiṫre cinn de ṡionnaċáin óga, agus ní leigfeaḋ a gcroí do na gasúir na rudaí deasa óga a ṁarḃaḋ. Aċ buḋ ṁaiṫ le gaċ duine acu iad a ṫaḃairt aḃaile leo le peataí a ḋéanaṁ díoḃ. Ní raḃ aċ ceiṫre sionnaċáin ann, agus ḃí scaifte maiṫ gasúr ann. Ins an deireaḋ — agus indiaiḋ díospóireaċta is cosúil: b'éigin daoḃ crann a ċaiṫeaṁ cia ġeoḃfaḋ na peataí. Tá dúil ag na gasúir a fuair iad "gadair faire" a ḋéanaṁ díoḃ san dóiġ go ndéanfaiḋ siad na cearca a ċosaint ar ṡionnaiġ eile. Ní ċualamuid go fóill caidé dúirt na máiṫreaċa nuair tugaḋ na sceaṁlaċáin isteaċ ċuca. Ní dóiġ liom go ndéanfaí "gadair faire" de na sionnaiġ. Cuirfeaḋ madaḋ an ruaig ar ṁadaḋ coiṁṫeaċ eile, aċ is eagal liom go n-aiṫeoḋ sionnaċ sionnaċ eile mar ġaol fola.

Sead, ní dóiġ liom go n-éireoiḋ leis na gasúir sin peataí a ḋéanaṁ de na sionnaċáin. Sa ċéad dul síos is peata aondiune sionnaċ an fad is atá sé óg — agus a ṁaireann sé, aċ bíonn sé feallṫaċ le daoine eile. Agus iontaċ contúirteaċ le páistí beaga. Ċonnaic mé sionnaċáin mar peataí ag daoine aċ ní faca mé ceann fásta ina peata ariaṁ. D'réir cosúlaċta ní ṁaireann sé i ḃfad i gcimiċeas. Ní mór an peata sionnaiġ a ċoimeád ceangailte le slaḃraḋ agus de ġnáṫ ní faġann sé a ḃia nadúrṫa. Ní faġann sé aċ fuilleaċ an tabla, feoil ḃruite, arán geal siopa, préataí fuara agus bia do-díleáite mar sin agus ġeiḃ sé bás de ċeas goile, mar ní ṫig leis na luiḃeanna íce — atá an eolas aige ó nádúr — a fáil a léiġeasfaḋ é dá mbeaḋ cead a ċos aige. Nuair a ḃíonn barraíocṫ ḃí, nó bia olc, ite ag cat nó ag madaḋ. tá a fios aca cá ḃfuil a léiġeas le fáil, iṫeann siad féar gaoil (broimféar). Fear íocṡláinteaċ luaċṁar atá ina ċrá ċroí ag an garradóir agus ag an feirmeoir.

Ins an tuairisc seo ṫuas ó Ċarna agus i dtuairisc eile ó Ṫír Ċonaill (an AMÁRAĊ) léiġ mé go ḃfuiltear ag marḃaḋ sionnaċ agus broc mar ġeall ar an méid damáiste (aoeirtear) atá dá ḋéanaṁ acu do ċearca agus do éanlaiṫe eile.

Dá mbeaḋ a roġa ag sionnaċ idir cearc reaṁar agus seanċoinín tanaí is ró-ċosúil go nglacfaḋ sé an ċearc; tá an-dúil ag sionnaċ i gcearcḟeoil ⁊ cuireann sé a ruḃall i nguais go minic ċun an soḃláiste sin a fáil. Aċ ní mar sin don ḃroc boċt. Ní guagaire gasta eisean cosúil leis an sionnaċ seang siúlaċ. Ní ṫiocfaḋ le broc leimniġ ṫar fál sreinge dealgaiġ ⁊ isteaċ tríd fuinneóg beag i gcró cearc, agus a ḃfuil de ċearca agus de ċoiliġ agus eireóga ann a ṁarḃaḋ, agus an ceann is mó réiṁre a ároú leis agus a iṫe ar a ṡuaiṁneas ina ṗroinnteaċ féin. Is súdaṁán soineannta, sáiṁṡiúlaċ an broc a ḃeireas aire dá ġnaiṫe féin. Aċ más ainṁí neaṁ-ionnsaiġeaċ é ní h-aon ċlaḃaire é, agus níos mionca ná a ṁalairt is ar an ainṁí a ġaḃas ina ḋeaḃaiḋ a bíos an ḃrón indiaiḋ na troda.

Is annaṁ a mbíonn broc le feiceáil i n-aice le áitreaḃ daoine, aċ má tá sé foġluimṫe aige go dtig leis dul i n-iontaoḃ daoine bíonn siad le feiceáil, an sean-ḟear, a ḃean (an ḃrocnaid) agus rudaí óga ag súgraḋ le ċéile, i lár an lae ġil, i bpáirc i n-aice le teaċ — agus cearca san páirc ċéana. Níl mé ag rá naċ n-íosfaḋ broc cearc dá mbéaḋ sé sciúgṫa leis an ocras aċ de ġnáṫ ní ṁarḃann sé cearca nó éanlaiṫe ar biṫ. Aċ, a ḋeir léiṫeoirí mur maireann na broic ar ċearca caidé iṫeann siad de ġnáṫ? Seo é biaċlár nó ménú broc. Feoil, luċóga, ratáin, frogánna, buafa, piastóga. séiliní coiníní óga. Mar ġlasraí. préaṁaċa áiriṫe, fungí áiriṫe, — mar ṁilseóg nó dessert; caora. sméara agus mil na mbeac fiaiḋ.

Ceist ar luċt seilge (agus marḃṫa) na mbroc. An gcoimeánn an broc aon ċeann de na soḃláistí seo ṫuasluaite uaiḃse. An ḃfuil aon ċeann aca gur ṁaiṫ liḃ a ḃeiṫ agaiḃ ar mur mbórd féin mar ḃéilí? Ceart daoiḃ ceart, daoḃa.

Is trua liom naċ dtig liom an dea-ċáil ċéana a ṫug mé ar an ḃroc a ṫaḃairt ar an sionnaċ. Is deas an t-ainṁí é an rógaire rua, agus i n-a ḋóiġ féin is ainṁí laċ é. Tá ciall do ġreann aige. Dá mbéaḋ sé sásta le corrċeart corr-uair ní ḃéaḋ sé i n-a ruagaire reaṫa. Aċ dá olċas é ġní sé a ċion féin leis na mionṁíolta dioḃálaċa, bisiúla, a ċoinneáilt fé smaċt.

Ailbe Ó Monaċáin.

Súil Ġéar

Ṫáiniġ seanḃean suas le ceiṫre scór na ḃaile indiaiḋ trí scór bliain a ċaiṫeaṁ sna Stáit Aontaiṫe. Ċuaiġ sí ar cuairt ċuig cara scoile (sa tsráidḃaile) a ḃí nóċa bliain d'aois. Arsa sise léi: "Má's fada ó d'fág mé agus nár scrí mé riaṁ ċugat ní ḋearna mé dearmad ort ariaṁ. Ċoiniġ mé súil ar na páipéir go rialta go ḃfeiceann an raiḃ fógra do ḃáis le feiceáil ionnta!

Baile Ċláir na Gaillimhe

Cúis mór bróin san ceantar, bás tobann Seán Ó Maoláin, Cnoc Aduaiḋ, Baile Ċlár na Gaillimhe, agus gan é aċ in aois a 24 bliana. Ḃí clú mór air as a ċuid seinnm ceoil agus ball dílis ab ea é do Ċoṁaltas Ceoltóirí agus fuair sé duais as ceol dá ċuid ag Fleaḋ Ċeoil Ċonnaċt i mbliana. Léiriġ an socraid an ṁór a ċuaiġ leis an ċorp go dtí an uaiġ, an meas mór a ḃí air féin agus ar a teallaċ ar a gcuid coṁarsanaċ. I láṫair leis na paidreaċa a rá, ḃí an tAṫair Oirmineaċ M. D. Mac Giollanáṫ, S.P., Baile Ċláir na Gaillimhe, an tAṫair D. Ó Loinsiġ, S.C., Leacaċ. an tAṫair U. Breaṫnaċ, S.C., Leacaċ, an tAṫair P. Ó hEannaċáin, Camus, Conamara, agus an tAṫair Ó Ceannaḃáin, Naoṁ Iarfhlaiṫe Tuaim.

An Tulaċ

Ḃí lá mór ar an Tulaċ Dé Ċéadaoine na seaċtaine seo caite, Lá Ḟéile Ċolmcille. In aice leis an Tulaċ, ag tobar Ċolmcille, ar an trá, isea a ṫáiniġ Colmcille i dtír, ceiṫre-ċéad-déag bliain ó ṡin, agus é a' teaċt as Oileáin Árann. Do réir an scéil, ṡeol sé as Oileáin Árann ar leac cloċ eiḃir, agus ṫáiniġ sé i dtír ag Bánnraċ, cúpla míle taoḃ ṫiar den Tulaċ. Tig le pobal na Gaeltaċta go fóill, an leac cloċ eiḃir, ar a ḃfuil crot tosaċ báid, agus a dtugtar Bád Ċolmcille air, a ḟeiceáil. Ḃí an gnáċ tearmanas agus deaḃóideaċa ar siúl ag Bánnraċ, Dé Céadaoin. Cúpla bliain indiaiḋ dó teaċt i dtír, as Oileáin Árainn, a ċuaiġ Colmcille ó Ḋoire leis an ṁainistir a ḃunú ar Oileán Í ar ċósta ṫiar na hAlban, agus tús a ċur le ré mór misiúnta na hÉireann. Ḃunaiġ sé mainistir in aice leis an áit a dtáiniġ an áit a dtáiniġ sé i dtír ag Muiġros, in aice leis an Tulaċ. In aice leis sin atá an tobar mór agus an tobar beag a ḃfuil beannaċt Ċolmcille orṫa.

Ċuile ḃliain, tugann na mílte oiliṫreaċ cuairt ar an tobar mór agus ar an tobar beag ag déanaṁ an turas traidisiúnta ṫart timpeall orṫa. Cé go ḃfuil siad faoi leiḃéal na farraige, is coiḃreaċa fíor-uisce atá iontu. Tagann an láṁmara isteaċ ós a gcionn, agus ní féidir cuairt a ṫaḃairt orṫa aċ ag amanna atá feiliúnaċ. Ní ḃíonn an t-uisce iontu goirt ariaṁ. An ḃliain seo, ba é an t-am fá ċoinne an turas ná idir a 6 a' ċlog tráṫnóna agus a 9 a'ċlog ar maidin.

Léiġeaḋ Aifreann tráṫnóna ar an trá ar a 6 a' ċlog agus tugaḋ Coṁaoineaċ amaċ lena linn. Ḃí faoisdin ann roiṁ an Aifreann. Ḃ⁊ Aifreann a 9 a' ċlog ar maidin i Séipéal Ċolmcille, An Tulaċ. Mar ceiliúraḋ ar an lá freisin, ḃí Aeraíoċt agus díolaċán oibre agus siamsa mór, agus san oíċe, ḃí céilí mór i halla Ċolmcille ar an Tulaċ. Ḃí siamsa agus cuideaċta ag gaċ duine taréis na deaḃóideaċa a ḋéanaṁ ar tús.

Litir Ṡasana

Dónal Mac Amlaiġ

Dónall Mac Amlaiḃ

Bás Gaeil

Níor ċuala mé féin faoi ḃás Ḋonnċa Uí Laoire, Dia lena anam, go dtí an tseaċtain seo caite. Agus ní mó ná go ḃfuilim inann an droċ-scéal a ċreidsint fós. Faoi Ḋeire Fóṁair seo a ċuaiġ ṫarainn ṫuas i mBaile Áṫa Áṫa Cliaṫ — oíċe an Ċoṁórtais aṁránaíoċta ar an sean-nós san Óstán Iḃeirneaċ le ḃeiṫ cruinn — agus ár nuó mo léan ba ḃeag is ba rí-ḃeag a ċeapas an oíċe úd is é ag caint liom go caoin cáirdiúil faoi mar ba ḋual dó naċ raiḃ in ḋán dom é feiceáil arís go deo ar an saol seo. Aċ cé aige a ḃfuil léas dá ḃeaṫa?

Ḃí mé féin faoi ċomaoin ag Donnċa sa méid agus gur ṫug sé an-spreagaḋ agus misneaċ dom i dtaoḃ na scríḃneoireaċta; ba fear é a ṫuig go maiṫ cé'n uair ar ċeart duine a ṁolaḋ — an uair a ċuirfeaḋ cáineaḋ ó ṁaiṫ uiliġ, ṫú, b'féidir. Aċ ṫugaḋ sé coṁairle cuidiṫeaċ freisin uaiḋ agus níor ċoigil sé an ċaḃair ċéanna sin ormsa am ar biṫ dár casaḋ ar a ċéile sinn. Ba i gCill Ċoinniġ i ndeire na bliana 1950, nuair a ḃí mé féin taréis teaċt amaċ as an Arm, a casaḋ Donnċa orm den ċéad uair ariaṁ. Léaċt a ḃeiṫ á ṫúirt aige do ċraoḃ na h-áite de'n Réalt ab' ócáid don gcastáil sin agus ní ċall dom a rá go mba ṡin é an léaċt ar ḃ'ḟiú éisteaċt leis. Ċuir Donnċa ina luí orainn faoi mar nár airíos duine ar biṫ eile á ḋéanaṁ roiṁe ná ó ṡoin i leiṫ, go raiḃ sé de ḋualgas orrainne, Gaeilgeoirí. ár gcreideaṁ agus ár ndearcaḋ a ḃrú go críonna cliste ar luċt na fuarċúise má ḃí leas na teangan ċun a ḃeiṫ déanta.

Deiċ mbliana níḃa ḋeireanaí, nuair a ḃí 'Dialann Deoraí' liom féin a ċur amaċ ag an gClub Leaḃar casaḋ Donnċa arís orm i mBaile Áṫa Cliaṫ agus bíoḋ is gur ṫug sé molaḋ dom naċ raiḃ baol ar a ḃeiṫ tuillte agam, san am gcéanna ní ċun dočar dom, aċ ċun mo ṡoċar, a ċuaiġ a ḃriaṫra. Ḃuail muid le ċéile minic go leor ina ḋiaiḋ sin agus ní raiḃ aon uair dár ḃuail naċ ndeaċa fuinneaṁ agus cumas Ḋonnċa i gcion orm. Aċ is ar a éadan Gaelaċ cneasta, agus ar an láṁ sínte amaċ go fáilteaċ, is mó a ċuiṁním anois; is dóiliġ a ċreidsint naċ mbeiḋ sé le feiceáil i mbun oibre in uiṁir 29 Sráid Uí Ċonaill níos mó. Deirim in aṫuair é: Dia lena anam.

Fiaḃras Ċincíse

Fiaḃras Ċincíse a ṫaḃarfá air is dóí — an raic is an t-aċrann a ṫarraingíoḋ ag bligeáirdí agus scaḃtaerí ó Ġlascú go Dúrlas Éile mar a milleaḋ an Fleá Ċeoil. Níl daḃt ar biṫ faoi aċ is aisteaċ an beiṫioċ an duine. Fadó nuair naċ raiḃ mórán airgid ar biṫ le ċaiṫeaṁ faoi Ċincís (ná tráṫ ar biṫ eile den ḃliain) ní ḃíoḋ geallṫaċas ar biṫ den tsagas sin á noċtaḋ ag aontaí nó láṫaireaċa spóirt. Aṁnaċ Donnybrook féin, a ḋonaċt é, ní ḋéanfaḋ na daoine aċ a ḋul ar meisce agus b'féidir leadráil maiṫ a ṫúirt dá ċéile, aċ ċom fada agus is eol dom ní ḃacfaidís le damáiste a ḋéanaṁ do rudaí nár leo féin iad, no nár ḃain leo ar ḃealaċ ar biṫ. Naċ gceapfá, mar sin, nuair is aċmainn do na h-ógánaiġ seo aistear fada ó (Ḃaile Áṫa Cliaṫ? Luimneaċ? Portláirge? Corcaiġ?) a ḋéanaṁ agus airgead a ḃeiṫ fágṫa aca ansin ċun iad féin a "enjoyáil", go mba leor dóiḃ an méid sin gan tosú ag milleaḋ ócáid taiṫneaṁaċ pléisiúrṫa lena gcuid barbarṫaċt? Aċ ní leor, de réir ċosúlaċta. Téiġeann sé ṫar tuiscint an duine.

Gné eile den "ḃfiaḃras" seo, b'féidir, an seasaṁ a rinne muintir Oileáin Sciaṫ i nGaeltaċt na h-Alban in aġaiḋ luċt na ngluaisteán ar an Doṁnaċ seo caite. Nó an ḃfuil leaṫċeal á ḋéanaṁ ar an muintir úd an agam? Rinne cuid de ṗáipéirí Ṡasana scéal ċailliġe an uafáis de agus i ndar le ceann aṁáin aca go raiḃ sé ṫar am ag muintir na n-oileán dúiseaċt suas agus tí sú ag maireaċtáil san ḃfiċiú aois seo. An rud ba ṁó dár ṫug an "Daily Mirror" suantas dó ná gur i nGaiḋliġ a labhair ceannaire na n-oileánaċ (Angus Smith, eaglaiseaċ de ċuid an Scottish Free Church) agus na laoine á ngríosaḋ aige in éadan na ngluaisteán.

Aċ is brú ar an doiċeall do luċt na gcarranna (luċt ċaiṫe brúscar, luċt millte tíre) ḃeiṫ ag teaċt don oileán ar an Doṁnaċ má's ann agus go gcreideann muintir na h-áite sin naċ ceart an lá údán a ṁilleaḋ le tráċt ⁊ gleo. Nár ċeart go ḃfágfaí an t-oileán fúṫa féin ar an Doṁnaċ más ann agus go b'ṡin tá uaṫa? Ceist sáċ casta, b'féidir, aċ is leis na h-oileánaiġ a ḃeaḋ mo ḃáiḋ-sa.

An Ċluais a D'iṫeaḋ

Ag seo ṫíos gearr-leagan de scéal a ḃaineas as "Observer" an Doṁnaiġ seo ċaite: Mí Ṁeaḋaoin, 1815, Londain. I dtaḃairne dár ainm The Horse ⁊ Bagshot i bPaddington san oíċe Dé Ċéadaoin, agus scata fear ag póitearaċt, ṡá fear díoḃ biorán tréna ċluais arís agus arís eile le easpáint dá ċáirde a laġad agus a goill an pian air; ansin ċuir sé geall le fear eile naċ n-íosfaḋ sé an ċluais de! Galún portair a ḃí le gnóṫaċtáil ar an ngeall seo. Glacaḋ leis an ngeall agus tugaḋ isteaċ an t-ól; ansin fuair an dara fear greim beil ar ċluais an ḟir eile agus d'iṫ de an ċluais agus ansin ċaiṫ amaċ ar an mbord é ós coinne a raiḃ ann. Ní ḋearna fear na cluaise ansin aċ a ċluais féin a ṡacaḋ isteaċ ina ḃéal agus a ṡlogaḋ siar ina goile! Ḃí 'caint ar na "Wild Irish"!

Dónal Mac Amlaiġ.

Fear nó Luċóg

Ise (indiaiḋ argóint): Cé'n ṁaiṫ atá ionnat? Caidé sort tú ar scor ar biṫ — fear nó luċóg?

Eisean: Fear faraor! Dá mba luċóg mé ḃeiṫfeá ṫuas ar an mbord ag béiciġ agus ag scáirtiġ fá ċoinne cuidiġ!

Carna

Tá an Ceannfort B. Mac Aoḋa as Focsford, Co. Ṁuiġeo aistriṫe ó Roscomáin go dtí Cloċ na Rón, áit a ḃfuil sé ar diúité le seaċtain.

Ag cruinniú de Ḃord an Iarṫair de Ċumann Lúṫċleas Gael, i gCrosaire an Ṁáma, an tseaċtain seo caite, cinneaḋ go n-imreoḋ an Cloċán i gcoinniḃ Naoṁ Míċeál, Gaillim, insan dara babhta de peil soisearaċ an Iarṫair. Imreoiḋ Rinnṁaoil agus an Caisleán Gear agus Cloċ an Rón. i gcoinniḃ an Spidéal.

An tseaċtain seo caite, ṫáiniġ an long Saile Modam, isteaċ go cuan Ċill Ċiaráin, agus ṫóg siad ar bord 500 tonna do feamainn próiséisiṫe lena ṫaḃairt go hAlbain, ó monarca Aramara Teo., Cill Ċiaráin. Tá Aramara Teo. ag ároú pragas ar feamainn fliuċ ar feaḋ an tsaṁraiḋ ó £2 go dtí £2-10s. an tonna.

Ba ṁaiṫ an iascaireaċt a rinne an Gárda M. Summerville, ón Lionán, é féin agus cara leis ar feaḋ coicíse de iascaireaċt ar Loċ Measca, ṫóg siad 110 breac de ṁean ṁeaċán punt go leiṫ an ceann. Ḃeir an Gárda ar liús punta, ar líne níolán freisin.

Glanḋ ar ḃriogáid ṫóiteán an Ċloċáin an tseaċtain seo caite, le loscaḋ sléiḃe a ṁúċaḋ ag Darros Mór, Leitir Fraic, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine.

Ag an Ċúirt Dúiċe i gCarna, cuireaḋ breiṫ dá ṁí príosúntaċt ar Seán Mac an Iomaire, Ruisín na Mánaċ, Cárna, as ionsaí a ḋéanaṁ ar Mac Dara Mac Donnċaḋa, ag Cárna, ar an 28ú lá de Ḃealtaine. An Ceannfort D. Ó Cinnéide a ḃí ag cúisiú, agus Seán Mac Giollarnáṫ, Aturnae, a ḃí ag cosaint. Léiġ an Sáirsint B. Mac Suiḃne, Cárna, ráiteas a glac sé ó Mac an Iomaire, agus an Dr. Mac an Éirniġ, a ḃí ina ḋoċtúir gníoṁaċ i gCárna, agus a ṫug fianaise go mbeaḋ an fear a loiteaḋ gan a ḃeiṫ ar fónaṁ fá ċoinne oibre go ceann trí seaċtainí. Dúirt an tUasal Mac Giollarnáṫ ar son an ċosantóra, naċ raiḃ a ċlient aċ dá ċosaint féin, agus Mac Donnċaḋa a rinne ionsaí air ar tús.

Ag an Ċúirt Dúiċe i gCarna, ṫug Ḃean Uí Ṁaolċiaráin. Calaḋ Fiḋinse cúis i coinniḃ Tomás Ó Fuaráin, Calaḋ Fiḋinse as damáiste a rinne a ċuid madraí dá cuid caoraċ, aċ caiṫeaḋ an cás amaċ le costaisí. Ḃí P. Mac Aoḋa, Aturnae, ar son Ḃean Uí Ṁaolċiaráin, agus S. Mac Giollarnáṫ, Aturnae, ar son Ó Fuaráin.

Freagra Prap

Ḃí cuairteoir ag dul ṫart ar muin capaill tamall ó ṡoin nuair a ċonaic sé feirmeoir ag cur claí ṫart ar píosa talaiṁ ċoṁ boċt agus ċonaic sé riaṁ. "Cé'n fáṫ a ḃfuil tú ag tógáil claí ar an giota boċt sin?" arsa seisean leis an feirmeoir. "Ġeoḃaḋ na ba bás ar a leiṫéid de ṫalaṁ." "Sin díreaċ é," arsan feirmeoir, —"agus tá mé ag cur claí air le na gcoinneáilt amaċ as!"